# Tuarascáil Rialála Chigireacht na Luathbhlianta Réamhscoil

| | |
|---|---|
| **Uimhir Aitheantais TUSLA:** | TU2015KY101 |

| | |
|---|---|
| **Ainm na Seirbhíse:** | Naíonra na Dromad |

| | |
|---|---|
| **Seoladh na Seirbhíse:** | An Chillín Liath, Máistir Gaoithe, Cill Airne, Co. Chiarraí |

| | |
|---|---|
| **Éirchód:** | V23 FT62 |

| | |
|---|---|
| **Ainm an tSoláthraí Chláraithe:** | Ray Mac Pháidin |

| | |
|---|---|
| **Cineál na Seirbhíse** | Seisiúnach |

| | |
|---|---|
| **Dáta(í) na Cigireachta:** | 20/02/2024 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Líon na leanaí réamhscoile:** | AM | 16 | PM | 0 |

| | |
|---|---|
| **Seoladh Chigireacht na Luathbhlianta** | Áras an Phobail, Lána an Déin, Trá Lí, Co. Chiarraí |
| **Cigireacht arna déanamh ag:** | N. Reidy |
| **Teideal:** | Cigire Luathbhlianta |

| **Údarás chun cigireacht a dhéanamh** |
|---|
| Déanann Cigireacht na Luathbhlianta, Tusla cigireacht ar Sheirbhísí Luathbhlianta faoi Alt 58(J) den Acht um Chúram Leanaí, 1991 (arna chur isteach le hAlt 92 den Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013). |

| | |
|---|---|
| **Coinníollacha, má bhaineann le hábhar** | N/Bh |

## Cur síos ar an tseirbhís

Is seirbhís sheisiúnach luathbhlianta é Naíonra na Dromad atá cláraithe le feidhmiú idir 9.00am agus 12.30pm, Luan go hAoine. Tá an tseirbhís cláraithe le freastal ar leanaí idir 2 bhliain agus 6 bliana d'aois agus tá sí cláraithe le feidhmiú ó sheomra súgartha amháin atá suite i bhfoirgneamh ina bhfuil seirbhís chúram lae iomlán ar leith ag feidhmiú. Tá áit spraoi iata lasmuigh suite ar chúl agus ar thaobh an fhoirgnimh.

## Soláthar foirne

Tá 3 dhuine fásta fostaithe ar bhonn laethúil le hoibriú sa tseirbhís. Ní oibríonn an soláthraí cláraithe ná an t-oifigeach forbartha (atá fostaithe ag Comhar Naíonraí na Gaeltachta) sa tseirbhís leis na leanaí.

## Modheolaíocht

Is í Cigireacht na Luathbhlianta, Tusla, rialtóir reachtúil neamhspleách ar sheirbhísí luathbhlianta in Éirinn. Sainmhínítear i Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) 2016 dualgas an tsoláthraí chláraithe sábháilteacht agus folláine leanaí a chinntiú agus cloí leis na riachtanais seo. Tugann an tAcht seo údarás do Tusla measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh leis na rialacháin. Is é is aidhm le rialáil maidir le seirbhísí óige ná a chinntiú go seastar le cúram, sábháilteacht, agus folláine na leanaí a fhreastalaíonn ar na seirbhísí seo. Pleanáiltear cigireachtaí ar sheirbhísí luathbhlianta bunaithe ar na pointí seo a leanas:

- Stair chigireachta na seirbhíse
- Eolas ar bith a fhaightear maidir leis an tseirbhís

Tá torthaí na cigireachta bunaithe ar:

- Eolas a fhaightear trí dhoiciméid a imscrúdú
- Breathnú díreach
- Plé le baill foirne ábhartha

Ba chigireacht neamhfhógartha é seo, agus díríodh ar rialachas/sláinte, folláine agus forbairt an linbh/sábháilteacht/áitreabh agus saoráidí lena linn. Féadfaidh cigireachtaí díriú ar réimsí eile chomh maith, de réir mar is gá.

Leagtar amach torthaí na cigireachta sa tuarascáil maidir leis an gcigireacht a eisítear mar dhréacht-tuarascáil ar dtús chuig an tseirbhís, agus bíonn deis ag an tseirbhís freagra a thabhairt ar thorthaí ar bith a luaitear inti. I gcás go sainaithnítear nach bhfuil ceanglais reachtúla á gcomhlíonadh, ní mór don soláthraí cláraithe léiriú a thabhairt ar an mbealach a réitíodh an neamhchomhlíonadh agus mar a chuirfear cosc ar an neamhchomhlíonadh amach anseo. Úsáidfear an plean um Ghníomh Ceartaitheach agus Gníomh Coisctheach (CAPA) chun bonn eolais a chur

le cinntí maidir le comhlíonadh le ceanglais rialála. I gcás nach n-éiríonn leis an soláthraí cláraithe na ceanglais reachtúla a chomhlíonadh, féadfar próiseas géaraithe a thosú.

Forchoimeádann an Chigireacht an ceart chun eagarthóireacht a dhéanamh ar fhreagraí a fhaightear ar chúiseanna éagsúla lena n-áirítear soiléireacht; iomláine; agus chun próisis riaracháin agus dlíthiúla a chomhlíonadh.

Is í an chigireacht a chuireann an tuarascáil le chéile.

## Buíochas

Is mian leis an gcigire buíochas a ghabháil leis an duine i bhfeighil, leis an bhfoireann agus leis na leanaí a bhí i láthair ar lá na cigireachta, as a gcomhoibriú.

| Cuid II - Clárú agus Clár |
|---|
| **Rialachán 8 - Fógra i dtaobh athrú ar imthosca** |
| *(1) Déanfaidh soláthraí cláraithe seirbhíse réamhscoile seachas seirbhís réamhscoile shealadach, faoi réir mhír (3), fógra i scríbhinn a thabhairt don Ghníomhaireacht i dtaobh aon athrú a bheartaítear a dhéanamh ar na mionsonraí i ndáil leis an tseirbhís réamhscoile atá sa chlár de bhun alt 58C(2) den Acht nó Rialachán 7(2), 60 lá ar a laghad roimh an dáta a bheartaítear a bheadh éifeacht leis an athrú.*<br>*(2) Déanfaidh soláthraí cláraithe seirbhíse réamhscoile sealadaí, faoi réir mhír (3), fógra i scríbhinn a thabhairt don Ghníomhaireacht i dtaobh aon athrú a bheartaítear a dhéanamh ar na mionsonraí i ndáil leis an tseirbhís réamhscoile atá sa chlár de bhun alt 58C(2) den Acht nó Rialachán 7(2) 7 lá ar a laghad roimh an dáta a bheartaítear a bheadh éifeacht leis an athrú.* |
| **Faisnéis maidir le Neamhchomhlíonadh** |
| (1)(3)<br>Fuarthas go raibh an tseirbhís ag feidhmiú lasmuigh dá huaire cláraithe oibriúcháin, is é sin 09.30 am go 12.30pm.<br>Léirigh na taifid tinrimh gur tháinig leanaí ag teacht chun na seirbhíse óna 9am. |
| **Gníomh Ceartaitheach & Gníomh Coisctheach arna seoladh isteach ag an Soláthraí Cláraithe** |
| **Gníomh Ceartaitheach agus Coisctheach**<br>Luaigh an t-oifigeach forbartha an méid seo a leanas: -<br>Ceangailte, tá an ríomhphost maidir le hathrú ar imthosca a fuair an tseirbhís ina léirítear ceadú don athrú uaireanta idir 9am agus 12.30pm.<br><br>**Doiciméid tacaíochta arna gcur isteach**<br>An ríomhphost ón rannóg sa chigireacht na luathbhlianta a dhéileálann le hathruithe ar imthosca ag ceadú an athraithe ar imthosca, ina luaitear an t-athrú ar uaireanta oibre go 9am-12.30pm. |
| **Nóta Tráchta Achomair** |
| Táthar tar éis an ceanglas a chomhlíonadh. |

| Cuid III – Bainistíocht agus Foireann |
|---|
| **Rialachán 9 – Bainistíocht agus earcaíocht** |
| *(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe-*<br>*(a) go mbeidh sa tseirbhís duine i bhfeighil ainmnithe agus duine arna ainmniú nó arna hainmniú a bheidh ábalta gníomhú mar ionadaí de réir mar is gá,*<br>*(b) go mbeidh an duine i bhfeighil ainmnithe nó an duine arna ainmniú nó arna hainmniú dá dtagraítear i bhfomhír (a) san áitreabh gach tráth le linn na tréimhse ina mbeidh an tseirbhís réamhscoile á seoladh, agus*<br>*(2) Cinnteoidh soláthraí cláraithe gur duine oiriúnach inniúil gach fostaí, gach oibrí nach n-íoctar agus gach conraitheoir, agus cineál na riachtanas a bhíonn ar leanaí á chur san áireamh, lena n-áirítear trí na nithe seo a leanas a dhéanamh–*<br>*(a) breithniú ar theistiméireacht ó fhostóirí an duine san am a caitheadh, más ann, agus go háirithe ar theistiméireacht ón bhfostóir is déanaí, más ann,*<br>*(b) breithniú ar theistiméireachtaí ó fhoinsí iontaofa i gcás duine nach raibh aon fhostóirí air nó uirthi san am a caitheadh,*<br>*(c ) breithniú ar an nochtadh grinnfhiosrúcháin a fuarthas ó Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána de réir Acht 2012 i leith an duine, agus*<br>*d) a chinntiú, a mhéid is indéanta, go soláthróidh duine, i gcás go raibh cónaí ar an duine i stát seachas an Stát ar feadh tréimhse ab fhaide ná 6 mhí as a chéile, grinnfhiosrúchán ag póilíní ó na húdaráis phóilíneachta sa stát sin.*<br>*(4) Cinnteoidh soláthraí cláraithe, gan dochar do ghinearáltacht mhír (2) agus faoi réir mhíreanna (5) agus (6), go sealbhaíonn gach fostaí a bhíonn ag obair go díreach le leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís, mórdhámhachtain i gCúram agus Oideachas Luath-Óige ar Leibhéal 5 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí nó cáilíocht a mheasfaidh an tAire a bheith coibhéiseach léi sin, ar a laghad.* |
| **Faisnéis maidir le Comhlíonadh:** |
| (1)<br>(a) Tá duine i bhfeighil ainmnithe sa tseirbhís, chomh maith le duine ainmnithe eile a bheidh ábalta gníomhú mar ionadaí de réir mar is gá sa tseirbhís. D'éascaigh an bheirt daoine fásta an próiseas cigireachta agus bhí siad i láthair ar feadh an tseisiúin.<br>(b) An t-am ar fad agus an réamhscoil ar oscailt, bíonn an duine i bhfeighil ainmnithe nó an duine arna hainmniú le gníomhú di i láthair sa tseirbhís.<br><br>(2)<br>Dheimhnigh an duine i bhfeighil go raibh duine fásta amháin fostaithe ó rinneadh an chigireacht dheireanach sa tseirbhís ar 19.04.23. Measadh gur chomhlíon an tseirbhís na riachtanais do thaifid earcaíochta na cigireachta deiridh. |

Bhí na taifid earcaíochta maidir leis an duine fásta amháin seo agus nochtadh grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána do gach duine fásta atá ag obair sa tseirbhís le scrúdú mar chuid den chigireacht seo.
(a)&(b)
Bhí dhá theistiméireacht agus bailíochtú i scríbhinn leo ar comhad ó fhoinse seachas iarfhostóir.
(c)
Léirigh an tseirbhís comhlíonadh le Fógra Rialála na Cigireachta Luathbhlianta a éilíonn ar sheirbhísí athnuachan a dhéanamh ar ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána gach trí bliana maidir le gach duine fásta.
(d)
Bhí Grinnfhiosrúchán Póilíní ar comhad le haghaidh duine fásta amháin a bhí tar éis cónaí lasmuigh den dlínse ar feadh tréimhse ní b'fhaide ná 6 mhí as a chéile.
(4) Bhí cáilíochtaí um chúram leanaí ag leibhéal 5 agus os a chionn ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí ag na baill foirne a bhí ag obair go díreach leis na leanaí.

## Cuid III – Bainistíocht agus Foireann

### Rialachán 11 - Leibhéil Foirne

*(1) Faoi réir an Rialacháin seo, cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh gach tráth líon leordhóthanach de dhaoine fásta ag obair go díreach leis na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoile.*

*(3) Faoi réir alt (5), cinnteoidh soláthraí cláraithe seirbhíse réamhscoile seisiúnaí go gcomhlíonfar gach tráth an cóimheas íosta idir daoine fásta agus leanaí a shonraítear i gcolún (3) de Chuid 1 de Sceideal 6 os coinne uimhir thagartha áirithe a shonraítear i gcolún (1) den Chuid sin i leith raon aoise na leanaí a shonraítear i gcolún (2) den Chuid sin ag an uimhir thagartha sin.*

*(8) Gan dochar do mhíreanna (2) go (7)-*

*(c) cinnteoidh soláthraí cláraithe seirbhíse réamhscoile seisiúnaí, i gcás go bhfuil an tseirbhís á hoibriú ag an duine i bhfeighil ina aonar nó ina haonar, go mbeidh an dara duine, atá eolach ar seirbhíse agus i riocht cúnamh a thabhairt don duine i bhfeighil chun an tseirbhís a oibriú, i gcóngar gairid don tseirbhís agus ar fáil chun freastal ar an tseirbhís i gcónaí d'fhonn cúnamh a thabhairt don duine i bhfeighil i gcás éigeandála.*

**Faisnéis maidir le Comhlíonadh:**

(1) Le linn thréimhse na cigireachta, chinntigh an soláthraí cláraithe go raibh líon leordhóthanach daoine fásta ag tabhairt aire do na leanaí a bhí ag freastal ar an tseirbhís.

(3) Bhí beirt daoine fásta ag tabhairt aire do 16 leanbh idir 3 bliana agus 5 bliana d'aois a bhí ag freastal ar an tseirbhís ar bhonn seisiúnach. Bhí an cóimheas ceart idir na daoine fásta agus na leanaí.

(8)(c) Níl feidhm aige seo ós rud é nach bhfuil an tseirbhís á feidhmiú ag duine aonair.

| Cuid IV – Faisnéis agus Taifid |
|---|
| **Rialachán 15 – Taifead ar leanbh réamhscoile** |
| *(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe seirbhíse réamhscoile seachas seirbhíse réamhscoile i lárionad buail isteach nó seirbhís réamhscoile shealadach go gcoimeádfar taifead i scríbhinn i leith gach linbh réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís ina mbeidh na sonraí seo a leanas:*<br>*(a) ainm agus dáta breithe an linbh;*<br>*(b) an dáta a d'fhreastail an leanbh ar an tseirbhís den chéad uair;*<br>*(c) an dáta a scoir an leanbh de bheith ag freastal ar an tseirbhís;*<br>*(d) ainm agus seoladh tuismitheora nó caomhnóra leis an leanbh agus uimhir theileafóin lenar féidir dul i dteagmháil leis an tuismitheoir nó leis an gcaomhnóir sin nó le gaol nó le cara leis an leanbh le linn uaireanta oibríochta na seirbhíse;*<br>*(e) údarú chun an leanbh a bhailiú;*<br>*(f) mionsonraí aon bhreoiteachta, aon mhíchumais, aon ailléirge nó aon riachtanais speisialta ar an leanbh, mar aon leis an bhfaisnéis go léir is iomchuí maidir le cúram nó aire speisialta a sholáthar;*<br>*(g) ainm agus uimhir theileafóin lia-chleachtóir cláraithe an linbh;*<br>*(h) taifead ar imdhíontaí, más ann, a fuair an leanbh;*<br>*(i) toiliú i scríbhinn ó thuismitheoir chun cóireáil chuí liachta a chur ar an leanbh i gcás éigeandála.* |
| **Faisnéis maidir le Comhlíonadh:** |
| (1) Bhí taifead ann do gach duine den 22 leanbh a bhí cláraithe sa tseirbhís agus rinneadh iniúchadh ar shampla de 11 díobh. Bhí na sonraí riachtanacha go léir de réir (a) go (i) san áireamh i ngach ceann de na 11 taifead |

## Cuid IV – Faisnéis agus Taifid

**Rialachán 16 – Taifead i ndáil le seirbhís réamhscoile**

*(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go gcoimeádfar taifead i scríbhinn ar an bhfaisnéis seo a leanas i ndáil leis an tseirbhís:*

*(h) mionsonraí i dtaobh freastal ag gach leanbh réamhscoile ar bhonn laethúil;*

*(i) mionsonraí i dtaobh uainchláir foirne ar bhonn laethúil;*

**Faisnéis maidir le Comhlíonadh:**

(1) Coimeádadh taifead i scríbhinn maidir leis an tseirbhís:

(h) taifead ar am teachta agus imeachta gach linbh a fhreastalaíonn ar an tseirbhís ar bhonn laethúil.

(i) mionsonraí i dtaobh uainchláir foirne ar bhonn laethúil;

## Cuid V - Cúram Linbh i Seirbhís Réamhscoile

**Rialachán 19 - Sláinte, leas agus forbairt linbh**

*(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe, le linn dó nó di a bheith ag soláthar seirbhís réamhscoile—*

*(a) go ndéanfar foghlaim, forbairt agus leas gach linbh a urasú laistigh de shaol laethúil na seirbhíse réamhscoile trí na gníomhaíochtaí cuí, an idirghníomhaíocht chuí, na hábhair chuí agus an trealamh cuí a sholáthar, ag féachaint d'aois agus do chéim forbartha an linbh, agus*

**Faisnéis maidir le Comhlíonadh:**

BUNRIACHTANAIS

- Bhí na daoine fásta a bhí ag tabhairt aire do na leanaí deas cineálta dóibh, léirigh siad meas orthu agus labhair siad go deas bog leo.
- Rinne na daoine fásta idirghníomhú ar bhealach dearfach leis na leanaí, mar shampla shuigh siad ag leibhéal na leanaí, choinnigh siad teagmháil súl leo, shuigh siad leis na leanaí ar an urlár agus ag na boird ag maoirsiú agus ag cabhrú leo le linn am spraoi.
- Chonaic an cigire na daoine fásta ag bualadh le tuismitheoirí/caomhnóirí agus ag beannú dóibh ag am bailithe ar bhealach gairmiúil cairdiúil.
- I rith an tseisiúin, mheabhraigh na daoine fásta go dearfach agus go deas bog réidh do na leanaí "a bheith cúramach" agus "a bheith deas bog" lena bpiaraí.
- Bhí rochtain neamhshrianta ag na leanaí ar na leithris a bhí lonnaithe laistigh den seomra spraoi. Thug an cigire faoi deara go raibh na leanaí a bhí i láthair ar an lá ag baint úsáide as na leithris go neamhspleách.

- Bhain na páistí taitneamh as an tsaoirse a bhí acu sa seomra spraoi chun bogadh timpeall, bhí rochtain gan teorainn acu ar na bréagáin a bhí stóráilte ar na seilfeanna ísle oscailte agus ar an urlár.
- Bhí na ballaí maisithe go hildaite le saothair ealaíne na leanaí, lena n-áirítear lámhphrionta, lorg coise agus grianghraf gach linbh, mar aon le grianghraif teaghlaigh na leanaí agus lusanna an chromchinn a bhí déanta ag na leanaí le déanaí.
- Shuigh na leanaí ag na boird ísle agus ar na cathaoireacha ísle don bhéile nuair a bhí an cigire i láthair. Bhí go leor ama ag na páistí a gcuid bia a ithe agus rinne na daoine fásta maoirsiú orthu, ag cabhrú leo nuair ba ghá.
- Ba iad tuismitheoirí na leanaí a chuir an go léir ar fáil don bhéile mar shampla, brioscóga, rollaí aráin, ceapairí, torthaí agus iógart. Bhí uisce le hól ag na leanaí ina mbuidéil uisce in-athúsáidte féin. Cuireadh in iúl don chigire go raibh uisce óil ar fáil ón doirteal sa seomra spraoi.
- Bhí na buidéil uisce ar fáil ar sheilf íseal le linn an tseisiúin agus bhí na leanaí in ann deoch a fháil nuair ba mhian leo.
- Níor úsáideadh an áit spraoi ainmnithe lasmuigh le linn na cigireachta de dheasca na drochaimsire.

## Cuid VI - Sábháilteacht

**Rialachán 23 - Sláinte, sábháilteacht agus leas linbh a chosaint**

*Cinnteoidh soláthraí cláraithe go ndéanfar gach beart réasúnach chun sláinte, sábháilteacht agus leas linbh réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís a chosaint agus cinnteoidh sé nó sí go mbeidh timpeallacht na seirbhíse sábháilte.*

**Faisnéis maidir le Comhlíonadh:**

**Sábháilteacht Ghinearálta**

- Bhí aláram ar an doras éalaithe dóiteáin a raibh luamhán ar airde an linbh air agus bhí sé ag obair i gceart nuair a rinneadh scrúdú air.
- Bhí na hoibreáin ghlantacháin a chonacthas le linn na cigireachta á stóráil i gcófra ardleibhéil i bhforhalla na cóiríochta sláintíochta.
- Rinneadh seiceáil mhíosúil ar na hábhair sa bhosca garchabhrach agus coinníodh taifead air seo.
- Bhí cordaí na ndallóga ar gach fuinneog sa seomra spraoi ceangailte go daingean leis na ballaí.

**Rialú Ionfhabhtuithe**

- Bhí bia somheata na leanaí agus lipéid air á stóráil sa chuisneoir sa seomra spraoi chun milleadh bia a chosc.
- Bhí uisce te, leacht gallúnaí láimhe agus tuáillí láimhe páipéir ar fáil ag na báisíní níocháin chun níocháin lámh na leanaí agus na ndaoine fásta a éascú go héifeachtach chun scaipeadh ionfhabhtaithe a laghdú. Bhí boscaí bruscair troitheánacha ar fáil ag na báisíní.

| Cuid VI - Sábháilteacht |
|---|
| **Rialachán 25 - Garchabhair** |
| *(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh duine atá oilte ar gharchabhair do leanaí ar fáil láithreach i gcónaí do na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoil.*<br><br>*(2) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh bosca garchabhrach do leanaí a bhfuil an trealamh cuí ann—*<br>*(a) stóráilte go sábháilte in áit fheiceálach san áitreabh ar féidir teacht air gan dua, agus*<br>*(b) ar fáil i gcónaí do na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoile.* |
| **Faisnéis maidir le Comhlíonadh:** |
| (1) Bhí oiliúint reatha um Fhreagróirí Garchabhrach déanta ag triúr daoine fásta a bhí ag tabhairt aire do na leanaí agus bhí teastais na hoiliúna seo ar fáil don chigire.<br>(a) Bhí bosca garchabhrach agus na hábhair iomchuí ann stóráilte ar sheilf ard sa seomra spraoi.<br>(b) Bhí an bosca garchabhrach inrochtana do na daoine fásta agus as raon láimhe na leanaí. |

| Cuid VI - Sábháilteacht |
|---|
| **Rialachán 28 - Árachas** |
| *Cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh an tseirbhís réamhscoile faoi árachas leordhóthanach.* |
| **Faisnéis maidir le Comhlíonadh:** |
| Bhí cóip de dheimhniú árachais na seirbhíse ar comhad.<br>I measc na faisnéise a tugadh ar an deimhniú árachais, bhí:<br><br>• sonraí teagmhála an tsoláthraí árachais.<br>• ainm agus seoladh na seirbhíse faoi árachas<br>• catagóir chumhdaigh árachais an Naíonra.<br>• líon na leanaí a bhí cumhdaithe ag an árachas - 22<br>• Dáta éaga an chumhdaigh árachais reatha - 27/11/’24. |

| Cuid VII - Ceanglais maidir le hÁitribh agus Spás |
|---|
| **Rialachán 29 - Áitribh** |
| *Cinnteoidh soláthraí cláraithe maidir le háitreabh na seirbhíse—*<br>*(a) go mbeidh struchtúr an áitribh fónta daingean,*<br>*(e) go mbeidh saoráidí sláintíochta atá leordhóthanach agus oiriúnach feistithe ann.* |
| **Faisnéis maidir le Comhlíonadh:** |
| (a) Bhí an chuma ar an bhfoirgneamh go raibh sé slán cobhsaí.<br>(e) I gcóiríocht sláintíochta na leanaí, bhí 2 leithreas agus 2 báisín níocháin a bhí ag obair i gceart. Taifeadadh an t-uisce te sna báisíní níocháin ag 34 céim Celsius i mbáisín níocháin 1 agus 26.6 céim Celsius i mbáisín níocháin 2. |

# Early Years Inspectorate Regulatory Report Pre School

| | |
|---|---|
| **TUSLA Identifier:** | TU2015KY101 |

| | |
|---|---|
| **Name of Service:** | Naíonra na Dromada |

| | |
|---|---|
| **Address of Service:** | Cillin Liath, Maistir Gaoithe, Cill Airne, Co. Kerry |

| | |
|---|---|
| **Eircode:** | V23 FT62 |

| | |
|---|---|
| **Name of Registered Provider:** | Ray Mac Phaidin |

| | |
|---|---|
| **Service type:** | Sessional |

| | |
|---|---|
| **Date(s) of Inspection:** | 20/02/2024 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **No of pre-school children:** | AM | 16 | PM | None |

| | |
|---|---|
| **Address of the Early Years Inspectorate:** | Áras an Phobail, Deans Lane, Tralee, Co. Kerry. |
| **Inspection undertaken by:** | N. Reidy |
| **Title:** | Early Years Inspector |

| **Authority to Inspect** |
|---|
| The Tusla Early Years Inspectorate carries out inspections of Early Years Services under Section 58(J) of the Child Care Act 1991 (as inserted by Section 92 of the Child and Family Agency Act 2013). |

| | |
|---|---|
| **Conditions if applicable** | N/A |

## Description of service

Naíonra na Dromoda is an early years sessional service that is registered to operate between the hours of 09.00am and 12.30pm Monday to Friday inclusive. The service is registered to cater for children between the age of 2 years and 6 years and is registered to operate from a single playroom located in a building where a separate registered full day care service operates from. There is a designated outdoor play area fully enclosed located to the rear and to the side of the building.

## Staffing

There are 3 adults employed daily to work in the service. The registered provider and the development officer who are employed by Comhar Naíonraí na Gaeltachta do not work in the service with the children.

## Methodology

Tusla's Early Years Inspectorate is the independent statutory regulator of early years services in Ireland. The Child Care Act 1991 (Early Years Services) Regulations 2016 define the duty of a registered provider to ensure the safety and well- being of children and to comply with these regulations. This Act also gives Tusla the authority to assess compliance with the regulations. The purpose of regulation in relation to early years services is to ensure that the care, safety, and well-being of children attending such services is upheld. Inspections of early years services are planned based on the following:

- Previous inspection history
- Any information received in relation to the service

The findings on inspection are based on:

- Information obtained through examination of documentation
- Direct observation
- Discussion with relevant staff

This inspection was unannounced and focused on the area of governance/ health, welfare and development of child/ safety/ premises and facilities. The inspections may also focus on other areas as required.
Inspection findings are documented in the inspection report which is first issued in draft format to the service with an opportunity to respond to any findings. Where statutory requirements are identified as not being met, the registered provider must demonstrate how they have rectified the non-compliance and will prevent any non - compliance from re occurring. The Corrective Action and Preventive Action plan (CAPA) will be used to inform

decisions about compliance with regulatory requirements. Where the registered provider fails to meet the statutory requirements an escalation process may be commenced.

The inspectorate reserves the right to edit responses received for reasons including clarity, completeness and compliance with administrative and legal processes.

The contents of the report are compiled by the inspectorate body.

**Acknowledgments**

The inspector wishes to acknowledge the cooperation of the person in charge, staff and children who were present on the day of the inspection.

## Part II - Registration and Register

### Regulation 8 - Notification of change in circumstances

*(1) A registered provider of a pre-school service other than a temporary pre-school service shall, subject to paragraph (3), notify the Agency in writing of any proposed change in the details in relation to the pre-school service contained in the register pursuant to section 58C(2) of the Act or Regulation 7(2) at least 60 days before it is proposed that the change would take effect.*
*(3) Where a registered provider has been unable for good and proper reason to notify the Agency within the time specified in paragraph (1) or (2), as the case may be, of a change in the details in relation to the pre-school service contained in the register pursuant to section 58C(2) of the Act or Regulation 7(2), the registered provider shall notify the Agency in writing of the change as soon as possible thereafter.*

**Non-Compliance Information**

(1)(3)

The service was found to be operating outside of its registered hours of operation that is 09.30 am to 12.30pm.

The attendance records demonstrated that children arrived at the service from 9am.

**Corrective & Preventive Action submitted by the Registered Provider**

**<u>Corrective and Preventive Action</u>**
The development officer stated that: -
Attached the change in circumstances email the service received demonstrating approval for the change of hours between 9am and 12.30pm.

**Supporting documentation submitted**
The change in circumstance email of approval from the early years inspectorate change in circumstances department stating the change in hours on operation to 9am-12.30pm.

### Summary Comment
The requirement has been met.

## Part III – Management and Staff

### Regulation 9 – Management and recruitment

*(1) A registered provider shall ensure that-*

*(a)the service has a designated person in charge and a named person who is able to deputise as required,*

*(b)at all times during the period when the pre-school service is being carried on, the designated person in charge or the named person referred to in subparagraph (a) is on the premises, and*

*(2) A registered provider shall ensure that each employee, unpaid worker and contractor is suitable and competent taking into consideration the nature of the needs of children, including by-*

*(a) consideration of references from the person's past employers, if any, and in particular the most recent employer, if any,*

*(b) consideration of references from reputable sources in the case of a person who has no past employers,*

*(c) consideration of the vetting disclosure received from the National Vetting Bureau of the Garda Síochána in accordance with the Act of 2012 in respect of the person, and*

*(d) ensuring, insofar as is practicable, that where a person has lived in a state other than the State for a period of longer than 6 consecutive months, he or she provides police vetting from the police authorities in that state.*

*(4) A registered provider shall ensure that, without prejudice to the generality of paragraph (2) and subject to paragraphs (5) and (6), each employee working directly with children attending the service holds at least a major award in Early childhood Care and Education at Level 5 on the National Qualifications Framework or a qualification deemed by the Minister to be equivalent.*

### Compliance Information
(1)
(a) There is a designated person in charge and a named person who can deputize as required on the premise. Both adults facilitated the inspection process and were present for the duration of the session.
(b) At all times during the period when the pre-school service is being carried on, the designated person in charge or the named deputy is on the premise.

(2)
The person in charge confirmed that one adult was employed since the service was last inspected on 19.04.'23. The service was deemed to meet the requirements for the recruitment records on the last inspection.
The recruitment records in respect of this one adult and the Garda vetting disclosures for each adult working in the service was the subject of this inspection.
(a)&(b)
Two written references and validations were on file from a source other than a past employer.
(c)
The service had demonstrated compliance with the Early Years Inspectorate Regulatory Notice requiring services to renew Garda vetting every three years in respect of all adults.
(d)
Police Vetting was on file for the one adult in question who had resided outside the jurisdiction for a period of longer than 6 consecutive months.
(4) The adults working directly with the children had attained Quality Qualifications Ireland (QQI) in childcare training at Level 5 and above.

## Part III – Management and Staff

**Regulation 11 - Staffing levels**

*(1) Subject to this Regulation, a registered provider shall ensure that there is at all times an adequate number of adults working directly with the children attending the pre-school service.*

*(3) Subject to paragraph (5), a registered provider of a sessional pre-school service shall ensure that at all times the minimum ratio of adults to children specified in column (3) of Part 2 of Schedule 6 opposite a particular reference number specified in column (1) of that Part in respect of the age range of the children specified in column (2) therefore at that reference number is satisfied.*

*(8) Without prejudice to paragraphs (2) to (7)-*

*(c) a registered provider of a sessional pre-school service shall ensure that, where the person in charge operates the service single-handedly, a second person familiar with the operation of the service and in a position to provide assistance to the person in charge in operating the service is, at all times, within close distance of the service and available to attend the service to assist the person in charge in the event of an emergency*

.

**Compliance Information**

(1) Throughout the period of inspection, the registered provider did ensure that there was an adequate number of adults caring for the children attending the service.

(3) There were 3 adults caring for 16 children aged between 3 to 5 years attending the service in the registered room on a sessional basis. The adult child ratio was correct.

(8)(c) Not applicable as the service does not operate single-handedly.

## Part IV – Information and Records

### Regulation 15 – Record of pre-school child

*(1) A registered provider of a pre-school service other than a pre-school service in a drop-in centre or a temporary pre-school service shall ensure that a record in writing is kept in respect of each pre-school child attending the service containing the following particulars:*

*(a) the name and date of birth of the child;*

*(b) the date on which the child first attended the service;*

*(c) the date on which the child ceased to attend the service;*

*(d) the name and address of a parent or guardian of the child and a telephone number where that parent or guardian or a relative or friend of the child can be contacted during the hours of operation of the service;*

*(e) authorisation for the collection of the child;*

*(f) details of any illness, disability, allergy or special need of the child, together with all the information relevant to the provision of special care or attention;*

*(g) the name and telephone number of the child's registered medical practitioner;*

*(h) record of immunisations, if any, received by the child;*

*(i) written parental consent for appropriate medical treatment of the child in the event of an emergency.*

**Compliance Information**

(1) There was a record for each of the 22 children enrolled in the service of which a sample of 11 records was inspected. Each of the 11 records had all the required detail as per(a) to (i) inclusive

| Part IV – Information and Records |
|---|
| **Regulation 16 – Record in relation to pre-school service** |
| *(1) A registered provider shall ensure that a record in writing is kept of the following information in relation to the service:*<br>*(h) details of attendance by each pre-school child on a daily basis;*<br>*(i) details of staff rosters on a daily basis;* |
| **Compliance Information** |
| (1) A record in writing was kept in relation to the service:<br>(h) a record of the arrival and departure time for each child attending the service on a daily basis.<br>(i) Details of staff rosters on a daily basis. |

| Part V - Care of Child in Pre-school Service |
|---|
| **Regulation 19 - Health, welfare and development of child** |
| *(1) A registered provider shall, in providing a pre-school service, ensure that-*<br>*(a) each child's learning, development and well-being is facilitated within the daily life of the pre-school service through the provision of the appropriate activities, interaction, materials and equipment, having regard to the age and stage of development of the child, and* |
| **Compliance Information** |
| BASIC NEEDS<br>• The adults caring for the children were kind, caring and respectful towards the children, they spoke to the children in low soft tones of voice.<br>• The adults interacted in a positive way with the children for example they sat at children's level, maintained eye contact, they sat with the children on the floor and at the tables supervising and assisting them during playtime.<br>• The inspector observed the adults meeting and greeting parents/guardians at collection time in a professional, friendly manner.<br>• Throughout the session the adults positively and calmly reminded children to "be careful" and to "be gentle" with their peers.<br>• The children had unrestricted access to the toilets located within the playroom. The inspector observed the children present on the day were independently using the toilets. |

- The children enjoyed freedom of movement in the playroom, they had unlimited access to the toys stored on the low-level open shelving and on the floor.
- The walls were colourfully decorated with a selection of artwork the children had done, including individual paint handprints, footprints and the child's photograph, the children's family photographs and recent daffodils the children had made.
- The children sat at the low-level tables and on the low-level chairs for the mealtime observed. The children had plenty of time to eat their food with the adult's supervising and assisting the children as was required.
- The parents of the children attending provided all food consumed by the children at the mealtime for example, crackers, bread rolls, sandwiches, fruit and yogurts. The children had water to drink in their individual re-fillable water bottles. The inspector was informed that drinking water was supplied at the sink in the playroom.
- The water bottles were accessible on a low-level shelf during the session and the children helped themselves to a drink.
- The allocated outdoor play area was not used on inspection due to the inclement weather.

## Part VI - Safety

**Regulation 23 - Safeguarding health, safety and welfare of child**

*A registered provider shall ensure that all reasonable measures are taken to safeguard the health, safety and welfare of a pre-school child attending the service and that the environment of the service is safe.*

### Compliance Information

**General Safety:**

- The fire exit door with the child height door lever was alarmed and in working order on inspection.
- The cleaning agents seen on inspection were stored in a high-level cupboard in the lobby of the sanitary accommodation.
- A monthly check for the first aid box contents was conducted and a record of this was maintained.
- The blind cords on each of the playroom windows were secured to the walls.

**Infection Control:**

- The children's perishable food items were labelled and stored within the fridge located in the playroom to reduce the risk of food spoilage.
- There was warm water, liquid hand soap and a supply of disposable paper hand towels at the wash hand basins to facilitate effective hand washing by the children and the adults to reduce the risk of the spread of infection. Pedal operated lidded bins were provided at the sinks.

## Part VI - Safety

### Regulation 25 - First aid

*(1) A registered provider shall ensure that a person trained in first aid for children is, at all times, immediately available to the children attending the pre-school service.*

*(2) A registered provider shall ensure that a suitably equipped first aid box for children-*

*(a) is safely stored in an easily accessible and conspicuous position on the premises, and*

*(b) is available to the children attending the pre-school service at all times.*

**Compliance Information**

(1) The 3 adults working with the children had current First Aid Responder (FAR) training with the certifications in respect of these provided.

(a) The suitably equipped first aid box was stored on a high-level shelf in the playroom.

(b) The first aid box was accessible to the adults and out of the reach of the children.

## Part VI - Safety

### Regulation 28 - Insurance

*A registered provider shall ensure that the pre-school service is adequately insured.*

**Compliance Information**

A copy of the insurance certification for the service was on file.
The information provided on the insurance certificate included:

- the contact details for the insurance provider.
- the name and address of the service insured.
- the category of insurance cover stated the Naíonra.
- the number of children covered by the insurance was for 22 children.
- The expiry date of the current insurance cover was 27/11/'24.

## Part VII - Premises and Space Requirements

### Regulation 29 - Premises

*A registered provider shall ensure that the premises of the service are-*

*(a) of sound and stable structure,*

*(e) equipped with adequate and suitable sanitary facilities.*

### Compliance Information

(a)The premise visually appeared to be sound and stable.

(e) The sanitary accommodation for the children consisted of 2 toilets and 2 functioning wash hand basins. The warm water provided at the wash hand basins was recorded at 34 degrees Celsius for wash hand basin 1 and 26.6 degrees Celsius for wash hand basin 2.